Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0379(COD)**

15192/2/23
REV 2

CODEC 2079
EF 344
ECOFIN 1147

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoracha áirithe maidir le bunú agus oibriú an Phointe Rochtana Aonair Eorpaigh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 25 Samhain 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh, atá bunaithe ar Airteagail 50, 53, 62 agus 114 CFAE[1], ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim uaidh an 7 Meitheamh 2022[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 23 Márta 2022[3]

4. An 9 Samhain 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[4].

[1] 14377/21 + ADD 1 REV1 - ADD 2.
[2] IO C 307, 12.8.2022, lch. 3.
[3] IO C 290, 29.7.2022, lch. 58.
[4] 15022/23.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a leagtar amach in PE- CONS 43/23 a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.